Department of
Education
www.education-ni.gov.uk



# EASPA FREASTAIL = EASPA FÉIDEARTHACHTAÍ

## AN FÁTH A BHFUIL FREASTAL AR SCOIL TÁBHACHTACH

Má tá páiste a bhfuil aois riachtanach scoile aige nó aici cláraithe i scoil is riachtanach go bhfreastalaíonn siad ar scoil go minic agus gur mar sin a bhíonn a gcuid freastail a fhad agus a bhíonn siad ar scoil.

Is tábhachtach go mbíonn sárfhreastal ag páiste nó ag duine óg ar scoil chun barr a chumais a bhaint amach.

**Príomhphointe**

*Is dóchúla go mbeidh daoine óga nach bhfreastalaíonn ar scoil go minic gan chúis mhaith imeallaithe óna gcairde, nach n-éireoidh chomh maith leo i scrúduithe agus a thiocfadh leat agus/nó go mbeidh siad páirteach in iompar neamhshóisialta.*

Seo cuid de na príomhchúiseanna a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go bhfreastalaíonn páistí ar scoil:

- Chun foghlaim.
- Chun cairde nua a dhéanamh.
- Chun eispéireas nua sa saol a bheith acu.
- Chun cáilíochtaí a bhaint amach.
- Chun scileanna nua a fhorbairt.
- Chun muinín agus féinmheas a fhorbairt.
- Chun an tús is fearr agus is féidir sa saol a bheith acu.

## AN NDÉANANN FREASTAL DIFEAR DO THORTHAÍ SCRÚDUITHE?

**Freastal níos fearr ná 95%** — 87%

*Bhain 87% de dhaltaí 5 GCSE amach ar a laghad agus Béarla agus Mata san áireamh nuair a d'fhreastail siad níos minice ná 95% den am*

**Freastal níos lú ná 90%** — 63%

*Bhain 63% de dhaltaí 5 GCSE amach ar a laghad agus Béarla agus Mata san áireamh nuair a d'fhreastail siad níos minice ná 90% den am*

**Freastal níos lú ná 80%** — 49%

*Bhain 49% de dhaltaí 5 GCSE amach ar a laghad agus Béarla agus Mata san áireamh nuair a d'fhreastail siad níos minice ná 80% den am*

Foinse: Fágóirí Scoile 2019/20

# AN DÓIGH AR FÉIDIR LE TUISMITHEOIRÍ CUIDIÚ

- Bíodh gnáthamh maith maidine agus tráthnóna ann ionas go mbíonn do pháiste ullmhaithe don lá scoile atá roimhe nó roimpi.
- Bí cinnte go dtéann do pháiste ar scoil go rialta agus go leanann sé/sí rialacha na scoile.
- Bí cinnte de go mbíonn do pháiste ar scoil in am - ní go mall.
- Socraigh coinní fiaclóra agus dochtúra taobh amuigh d'uaireanta nuair is féidir.
- Cuir in iúl i dtólamh don scoil nuair a bhíonn do pháiste as láthair mar gheall ar thinneas - ba cheart seo a chur i scríbhinn nuair a théann do pháiste ar ais ar scoil.

**Príomhphointe**

*Tá riachtanas dlíthiúil ar thuismitheoirí páistí idir 4-16 bliain d'aois atá ar rolla na scoile cinnte a dhéanamh de go bhfreastalann siad.*

- Muna mbíonn do pháiste ag freastal ar scoil a mhinice agus a bheifeá ag dúil leis tá seans ann go bhfuil siad á gcur féin i mbaol - Cé leis a bhfuil siad? Cad é atá ar bun acu?
- Ná téigh ar saoire teaghlaigh le linn an téarma.
- Labhair le do pháiste faoi chúrsa scoile agus léirigh spéis san obair scoile a dhéanann siad (agus obair bhaile san áireamh).
- Déan freastal ar oícheanta na dtuismitheoirí agus ar ócáidí scoile.
- Mol gach rud a bhaineann do pháiste ar scoil amach agus cúitigh dá réir.
- Tacaigh i gcónaí le foireann na scoile ina gcuid iarrachtaí smacht a choinneáil ar iompar deacair nó dúshlánach.

# TÁ TÁBHACHT LE GACH LÁ SCOILE

Is ionann gach lá nach bhfreastalaíonn páiste ar scoil agus lá foghlama caillte.

| | |
|---|---|
| **Freastal 100%** | **0 Lá Caillte** |
| **Freastal 95%** | **9 Lá Caillte**<br>**1 Seachtain agus 4 Lá Foghlama Caillte** |
| **Freastal 90%** | **19 Lá Caillte**<br>**3 Seachtain agus 4 Lá Foghlama Caillte** |
| **Freastal 85%** | **28 Lá Caillte**<br>**5 Seachtain agus 3 Lá Foghlama Caillte** |